



TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
SZPUNAR
arna tabhairt an 2 Meitheamh 2022¹

Cásanna uamtha C-148/21 agus C-184/21

Christian Louboutin

v

Amazon Europe Core Sàrl,

Amazon EU Sàrl,

Amazon Services Europe Sàrl (C-148/21)

(Iarraidh ar réamhrialú ón tribunal d'arrondissement de Luxembourg (an Chúirt Dúiche, Lucsamburg, Lucsamburg))

agus

Christian Louboutin

v

Amazon.com Inc.,

Amazon Services LLC (C-184/21)

(Iarraidh ar réamhrialú ón tribunal de l'entreprise francophone de Bruxelles (Cúirt Fraincise na gCuideachtaí, an Bhruiséil, an Bheilg))

(Tarchur chun réamhrialú — Maoin intleachtúil — Dlí na dtrádmharcanna — Éifeachtaí thrádmhairc de chuid an Aontais Eorpaigh — Cearta a thugtar faoin trádmharc — An ceart chun cosc a chur ar thríú páirtí as úsáid a bhaint as an trádmharc, as comhartha comhionann nó comhchosúil, le haghaidh earraí nó seirbhísí atá comhionann nó comhchosúil — An coincheap “úsáid”)

I. Réamhrá

1. Cé nach ceist nua inti féin í an cheist maidir le dliteanas idirghabhálaithe, bíonn sí ag athrú i gcónaí agus cineálacha nua idirghabhála ag teacht chun cinn i réimse an idirlín. Léirítear é sin le héagsúlacht na gcásanna a bhaineann le gníomhaíocht na n-ardán ar an idirlíon a tugadh os comhair na Cúirte Breithiúnais le blianta beaga anuas,² agus is ina dhiaidh sin a tionscnaíodh na hiarrataí ar réamhrialuithe seo in imeachtaí idir an tUasal Christian Louboutin agus Amazon

¹ Bunteanga: an Fhraincis.

² Féach, go háirithe, breithiúnais an 20 Nollaig 2017, *Asociación Profesional Elite Taxi* (C-434/15, EU:C:2017:981) (“breithiúnas in *Asociación Profesional Elite Taxi*”); an 19 Nollaig 2019, *Airbnb Ireland* (C-390/18, EU:C:2019:1112), agus an 22 Meitheamh 2021, *YouTube agus Cyando* (C-682/18 agus C-683/18, EU:C:2021:503).

Europe Core Sàrl, Amazon EU Sàrl agus Amazon Services Europe Sàrl (Cás C-148/21), agus Amazon.com Inc., agus Amazon Services LLC (ina n-aonar nó le chéile “Amazon”) (Cás C-184/21).

2. Ní haon ionadh é an teacht chun cinn seo. Tá an t-idirlíon ag éirí níos tábhachtaí inár sochaithe ó thaobh sóisialta de agus ó thaobh na heacnamaíochta de freisin, agus tá ról lárnach ag na hidirghabhálaithe atá ag feidhmiú ann i ndáil leis sin. Cuireann na hidirghabhálaithe sin ar chumas úsáideoirí ábhar a aimsiú, a mhalartú, a roinnt agus a tháirgeadh, earraí agus seirbhísí a cheannach agus a dhíol agus iad féin a chruthú agus a chur in iúl ar an idirlíon.³ Go mionsonrach, déanann siad é níos éasca d’úsáideoirí rochtain a fháil ar ábhar áirithe. Cé go bhféadfadh siad, go pointe áirithe, ionadaíocht a dhéanamh ar chontrapháirt fhíorúil na n-idirghabhálaithe traidisiúnta, spreagtar go háirithe le réimse an idirlín, a bhfuil nuálaíochtaí teicneolaíochta leanúnacha mar shaintréithe acu, chun samhlacha idirghabhála nua a chruthú nach bhfuil aon choibhéis acu sa domhan fisiceach⁴ agus nach féidir neamhaird a thabhairt dá dtábhacht phraiticiúil, agus ar an gcaoi sin ní mór bonn cirt a thabhairt don dlí chun déileáil leis.

3. Ciallaíonn ról méadaitheach na n-idirghabhálaithe idirlín, mar is gá, go bhfuil a ngníomhaíochtaí ag teacht i dteagmháil le gníomhaíochtaí oibreoirí eile agus go bhféadfadh siad, go pointe áirithe, a bheith ina bhagairt ar a gcearta. Is é sin an cas maidir le hoibreoirí a bhfuil cearta maoine intleachtúla acu, go háirithe trádhmharc, ós rud é go bhféadfaí na cearta sin a shárú ar ardáin díolacháin ar líne, mar shampla, agus, mar thoradh air sin, tá ceist ann maidir leis an dliteanas atá ag na hidirghabhálaithe idirlín a oibríonn na hardáin sin. Agus forbairt á déanamh ar ghníomhaíochtaí na n-ardán díolacháin ar líne agus ar na nuálaíochtaí teicneolaíochta a ghabhann leo, méadaítear inrochtaineacht na n-earraí do thomhaltóirí agus cuirtear a margaíocht chun cinn. Dá bhrí sin, méadaítear go huathoibríoch líon na n-earraí atá i gcúrsaíocht. Tá feidhm aige sin freisin maidir le hearraí góchumtha.⁵

4. Tá ciall ag baint le scrúdú ar dhliteanas an idirghabhálaí a bhfuil ardán díolacháin ar líne ar bun aige chun earraí góchumtha a dhíol tríd an ardán sin ó thaobh an dílseánaigh de thrádmharc a sáraíodh ar an ardán sin. Is fíor gurb é an sárú, go príomha, ná gníomh an díoltóra ag baint úsáid as an ardán díolacháin ar líne chun earraí góchumtha a thairiscint lena ndíol. Mar riail ghinearálta, áfach, tá sé deacair na díoltóirí sin a shainaithint agus d’fhéadfadh an áit a bhfuil siad lonnaithe a bheith ina constaic chun iad a chur faoi dhliteanas freisin.⁶

5. Maidir leis an idirghabhálaí, cuireann sé ar chumas tríú páirtí sárú den sórt sin a dhéanamh go teicniúil agus tá sé i gceannas ar an ardán. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh sé, i bprionsabal ar a laghad, deireadh a chur leis an sárú sin. Is cosúil, dá bhrí sin, go mbeadh sé níos éifeachtaí, do dhílseánach

³ Ullrich, C., “Unlawful Content Online, Towards a New Regulatory Framework for Online Platforms”, *Luxemburger Juristische Studien*, Nomos, Baden-Baden, 2021, lch. 32.

⁴ Marsoof, A., “Internet Intermediaries and Trademark Rights”, *Routledge Research in Intellectual Property*, Routledge, Abingdon, 2019, lch. 2.

⁵ Is ionann líon na n-earraí góchumtha a chuirtear i gcúrsaíocht ar fud an domhain agus thart ar 2.5% de thrádáil dhomhanda. Féach OECD/EUIPO, “Global Trade in Fakes: A Worrying Threat”, *Illicit Trade*, OECD Publishing, Paris, 2021, lch. 64.

⁶ Van Eecke, P., “Online service providers and liability: A plea for a balanced approach”, *Common Market Law Review*, 2011, Uimh. 48, lml. 5, lch. 1455.

trádmhairc, iarracht a dhéanamh dliteanas an idirghabhálaí a chruthú in ionad dliteanas an díoltóra tríú páirtí,⁷ bíodh sin dliteanas díreach – mar sháraitheoir – nó dliteanas indíreach – mar gheall ar ghníomhartha tríú páirtí trína seirbhísí.⁸

6. Mar sin féin, ní féidir leas dílseánaigh trádmhairc maidir le dliteanas idirghabhálaithe a chruthú a mheas ina aonar, agus ní fhéadtar, leis sin amháin, bonn cirt a thabhairt don tuairim go bhfuil na hidirghabhálaithe sin faoi dhliteanas i gcónaí maidir le sárúithe ar chearta na ndílseánach sin a rinneadh ar a n-ardáin. Ní mór an leas sin a chothromú le leasanna contrártha eile.⁹

7. Ar an gcéad dul síos, d'fhéadfadh méid dhliteanas na n-idirghabhálaithe idirlín a cheangal orthu faireachán ginearálta beagnach a dhéanamh ar aon sárú a d'fhéadfadh a bheith ann ar dhlí na dtrádmharcanna ar a n-ardáin. Ar an dara dul síos, agus ar an gcaoi chéanna, má ghlactar leis go bhféadfadh idirghabhálaithe idirlín a bheith faoi dhliteanas díreach maidir le sárúithe ar na cearta atá ag dílseánaigh trádmharcanna a rinneadh ar a n-ardáin, d'fhéadfaidís bac a chur ar fhorbairt gníomhaíochtaí nua i réimse an idirlín agus, ar bhonn níos leithne, ar aon chineál nuálaíochta sa réimse sin.

8. Mar gheall ar an ngá atá ann na leasanna éagsúla sin a réiteach, ghlac reachtas an Aontais bearta chun cosaint áirithe a thabhairt d'idirghabhálaithe idirlín maidir lena ndliteanas i leith gníomhartha tríú páirtí ar a n-ardáin, is é sin le rá, a ndliteanas indíreach. Cé nach bhfuil dliteanas indíreach faoi réir córas comhchuibhithe i ndlí an Aontais, foráiltear le Treoir 2000/31,¹⁰ mar sin féin, do dhíolúintí ó dhliteanas nach mór do na Ballstáit a chur chun feidhme. Go háirithe, ní féidir idirghabhálaithe idirlín a bheith faoi dhliteanas i leith ghníomhartha neamhdhleathacha úsáideoirí a n-ardáin i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí maidir le faisnéis a tharchur ar líonra cumarsáide agus rochtain ar an líonra sin a sholáthar, a stóráil ar a dtugtar “caching”, nó fiú a ngníomhaíochtaí óstála.¹¹ Ina theannta sin, i gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí céanna sin, ní féidir oibleagáid ghinearálta a fhorchur ar na hidirghabhálaithe sin chun faireachán a dhéanamh ar an bhfaisnéis a tharchuireann nó a stóráil siad, ná chun fíorais nó imthosca lena léirítear gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a chuardach go gníomhach.¹²

9. Thairis sin, cé go bhforáiltear le Treoir 2004/48/CE¹³ go n-áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh sealbhóirí na gceart ordú a lorg i gcoinne idirghabhálaithe lena mbaineann tríú páirtí úsáid as a gcuid seirbhísí chun ceart maoine intleachtúla a shárú,¹⁴ is ordúithe iad a bhfuil sé d'aidhm acu deireadh a chur le sárú den sórt sin, áfach, atá neamhspleách ar dhliteanas an

⁷ Maidir le réasúnaíocht theoiriciúil agus eacnamaíocha chun dliteanas idirghabhálaithe idirlín a thabhu, féach Marsoof, A., op. cit., lch. 5 go 10; Carsten, U., op. cit., lch. 104 go 108, agus Ohly, A., “The Liability of Intermediaries for Trademark Infringement”, *Research Handbook on Trademark Law Reform*, Dinwoodie, G.B., agus Janis, M.D., (eagarthóirí), Edward Elgar Publishing, Cheltenham, 2021, lch. 396 go 430.

⁸ Maidir leis an idirdhealú idir an dliteanas príomha agus an dliteanas indíreach, féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Jääskinen in *L'Oréal agus páirtithe eile* (C-324/09, EU:C:2010:757, mír 54 et seq.), nó Kur, A., agus Senftleben, M., “European Trade Mark Law: A Commentary”, *Oxford University Press*, Oxford, 2017, lch. 691, agus Ullrich, C., op. cit., lch. 356 et seq.

⁹ Ohly, A., op. cit., lch. 397.

¹⁰ Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an tráchtáil leictreonach, go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach (“an Treoir maidir le tráchtáil leictreonach”) (IO 2000 L 178, lch 1, “an Treoir maidir le tráchtáil leictreonach”).

¹¹ Airteagail 12 go 14 den Treoir maidir le tráchtáil leictreonach.

¹² Airteagal 15 den Treoir maidir le tráchtáil leictreonach.

¹³ Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú (IO 2004 L 157, lch 45 agus ceartúchán IO 2004 L 195, lch. 16).

¹⁴ Airteagal 11 de Threoir 2004/48.

idirghabhálaí a d'fhéadfadh a bheith ann i leith na bhfíoras atá faoi chonspóid,¹⁵ agus, mar sin, tá an cheist maidir le conas caitheamh le hidirghabhálaithe de bharr gníomhartha arna ndéanamh ag tríú páirtithe trína gcuid seirbhísí in easnamh go mór ón Treoir sin.

10. Seachas an cheist maidir lena ndliteanas indíreach, bhí sé fós le cinneadh an bhféadfaí na hidirghabhálaithe idirlín sin a chur faoi dhliteanas díreach maidir le sárúithe ar chearta atá ag dílseánaigh trádmhairc, go háirithe i leith oibreoirí margaí ar líne, mar gheall ar thairiscintí a bheith ann maidir le hearraí góchumtha a dhíol ar a n-ardán. I gcodarsnacht le dliteanas indíreach na n-idirghabhálaithe idirlín, a bhfuil an córas ina leith sin faoi rialú ag an dlí náisiúnta, ach é sin faoi réir na díolúintí ó dhliteanas dá bhforáiltear sa Treoir maidir le tráchtáil leictreonach, is faoi dhlí an Aontais go deimhin atá dliteanas díreach oibreoirí margaí i leith sárúithe ar chearta atá ag dílseánach na dtrádmharcanna, agus, go sonrach, faoi fhorálacha Rialachán (AE) 2017/1001.¹⁶

11. Dá bhrí sin, ba faoin gCúirt Bhreithiúnais féin a bhí sé na leasanna a bhí i gceist a chothromú trí na cásanna inar féidir oibreoir margaidh a chur faoi dhliteanas díreach agus iad siúd nach féidir an t-oibreoir sin a chur faoi dhliteanas díreach i leith sárúithe ar chearta dílseánaigh trádmhairc ar an ardán a fheidhmíonn sé a léiriú. D'fhág cásdlí na Cúirte Breithiúnais maidir le léirmhíniú Airteagal 9(2) de Rialachán 2017/1001,¹⁷ go pointe áirithe, tríd an gcoincheap de “úsáid” an trádmhairc i gcúrsa trádála a shonrú, gurbh fhéidir teorainn den sórt sin a bhunú,¹⁸ sa mhéid is go bhfuil sé d'aidhm ag an gcoincheap sin iompar tríú páirtí a d'fhéadfadh an dílseánach trádmhairc a chosc a mheas.

12. Mar sin féin, de bharr nuálaíochtaí leantacha i réimse an idirlín, ar thug a ngá le cosaint bonn cirt le cosaint fhorleathan a thabhairt do ghníomhaíochtaí idirghabhálaithe sa réimse sin, tháinig athrú suntasach ar shamhail na margaí ar líne. Ní féidir Amazon a mheas, go háirithe, mar mhargadh traidisiúnta.

13. Mar a léiríonn na cúirteanna a tharchur na ceisteanna, is dáileoir agus oibreoir margaidh clúiteach araon é Amazon. Foilsíonn Amazon ar a shiopa ar líne na fógraí a bhaineann lena n-earraí féin, a dhíolann sé agus a sheolann sé faoina ainm féin, agus fógraí ó dhíoltóirí tríú páirtí araon. Thairis sin, fágann a modh oibríochta gur féidir leis na díoltóirí tríú páirtithe nó le Amazon, a stóráil na hearraí sin ina ionaid dáileacháin agus a sheolann iad chuig ceannaitheoirí óna áitreabh féin, tabhairt faoi sheoladh na n-earraí a chuir díoltóirí tríú páirtí ar díol ar an ardán.

14. Is éard atá sna gnéithe sin, lena ndéantar samhail “hibrideach” de shamhail na cuideachta sin,¹⁹ ná creat nua chun anailís a dhéanamh maidir leis an gceist an féidir nó nach féidir oibreoir margaidh den sórt sin a chur faoi dhliteanas díreach i leith sárú ar chearta dílseánaigh trádmhairc ar a ardán sa mhéid is go líomhnaítear gur úsáid sé an trádmharc sin de réir bhrí Airteagal 9(2) de Rialachán 2017/1001, agus is iad an bonn atá leis na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú sna cásanna seo.

¹⁵ Féach breithiúnas an 7 Iúil 2016, *Tommy Hilfiger Licensing agus páirtithe eile* (C-494/15, EU:C:2016:528, mír 22). Ar an gceist sin, féach freisin Husovec, M., *Injunctions against Intermediaries in the European Union, Accountable but not Liable?*, Cambridge University Press, Cambridge, 2017, lch. 62 et seq.

¹⁶ Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le trádmharc an Aontais Eorpaigh (IO 2017 L 154, lch. 1).

¹⁷ Nó, ar dtús, Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir leis an trádmharc Comhphobail (IO 2009 L 78, lch. 1).

¹⁸ Féach an anailís ar an gcásdlí sin déanaí mír 49 et seq. den Tuairim seo.

¹⁹ Ohly, A., op. cit., lch. 413.

15. Leis na cásanna seo, dá bhrí sin, tugtar deis don Chúirt Bhreithiúnais an coincheap sin de “úsáid” a shoiléiriú agus, dá réir sin, na prionsabail nach mór rialú a dhéanamh ar dhliteanas díreach na n-idirghabhálaithe idirlín nuair a dhéantar dlí na dtrádmharcanna a shárú ar a n-ardán.

II. An dlí lena mbaineann

A. *Rialachán 2017/1001*

16. Luaitear an méid seo a leanas in aithris 13 de Rialachán 2017/1001:

“D’fhéadfadh sé go mbeadh mearbhall ann maidir leis an bhfoinse tráchtála as a n-eascraíonn na hearraí nó na seirbhísí nuair a bhaineann cuideachta úsáid as an gcomhartha céanna nó comhartha comhchosúil mar thrádainm ar dhóigh den sórt sin a mbunaítear nasc idir an chuideachta lena ngabhann an t-ainm agus na hearraí nó seirbhísí a thagann ón gcuideachta sin. Ba cheart, dá bhrí sin, go gcuimseofaí i sárú ar thrádmharc de chuid AE freisin úsáid an chomhartha mar thrádainm nó mar ainmniúchán comhchosúil, a mhéid a bhaintear úsáid as an gcomhartha chun earraí nó seirbhísí a idirdhealú.”

17. Foráiltear le hAirteagal 9 de Rialachán 2017/1001, dar teideal “Cearta a thugann trádmharc de chuid AE”, i mír 1 go 3:

- “1. Le clárú trádmhairc de chuid AE, tabharfar cearta eisiacha don dílseánach ann.
2. Gan dochar do chearta dílseánach a gnóthaíodh roimh dháta comhdaithe nó roimh dháta tosaíochta trádmhairc de chuid AE, beidh dílseánach an trádmhairc sin de chuid AE i dteideal cosc a chur ar gach tríú páirtí nach bhfuil toiliú an dílseánaigh aige nó aici úsáid a bhaint as aon chomhartha i gcúrsa trádála, maidir le hearraí nó seirbhísí, más rud é:
 - (a) go bhfuil an comhartha comhionann leis an trádmharc de chuid AE agus go mbaintear úsáid as maidir le hearraí nó seirbhísí atá comhionann leo siúd a bhfuil an trádmharc de chuid AE cláraithe ina leith;
 - (b) go bhfuil an comhartha comhionann leis nó cosúil leis an trádmharc de chuid AE agus go mbaintear úsáid as maidir le hearraí nó seirbhísí atá comhionann le nó cosúil leis na hearraí nó seirbhísí ar cláraíodh an trádmharc de chuid AE ina leith, más rud é gur dócha go mbeadh mearbhall ar an bpobal; áirítear leis an dóchúlacht mhearbhaill dóchúlacht chomhcheangail idir an comhartha agus an trádmharc;
 - (c) go bhfuil an comhartha comhionann leis nó cosúil leis an trádmharc de chuid AE is cuma cé acu an mbaintear úsáid as nó nach mbaintear maidir le hearraí nó seirbhísí atá comhionann leo siúd, cosúil leo siúd nó neamhchosúil leo siúd ar cláraíodh an trádmharc de chuid AE ina leith, más rud é go bhfuil clú ar an gceann deireanach san Aontas agus más rud é go mbaineann úsáid an chomhartha sin gan chúis chúí buntáiste éagórach as saintréith nó clú an trádmhairc de chuid AE, nó go ndéanann sé dochar dóibh.

3. Féadfar an méid seo a leanas, go háirithe, a thoirmeasc faoi mhír 2:

[...]

(b) na hearraí a thairiscint, a chur ar an margadh, nó a stocáil chun na gcríoch sin faoin gcomhartha, nó seirbhísí a thairiscint nó a sholáthar faoi;

[...]

(d) an comhartha a úsáid mar thrádainm nó ainm cuideachta nó mar chuid de thrádainm nó d'ainm cuideachta;

(e) an comhartha a úsáid ar pháipéir ghnó agus i bhfógraíocht;

(f) an comhartha a úsáid i bhfógraíocht chomparáideach ar bhealach atá contrártha do Threoir 2006/114/CE [20].”

B. Treoir 2004/48

18. Foráiltear le hAirteagal 11 de Threoir 2004/48, dar teideal “Orduithe”:

“Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha inniúla, i gcás ina ndéanfar cinneadh breithiúnach gur sáraíodh ceart maoine intleachtúla, ordú a eisiúint i gcoinne an tsáraitheora atá ceaptha chun a thoirmeasc go leanfar ar aghaidh leis an sárú. I gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa dlí náisiúnta, beidh neamhchomhlíonadh ordaithe, i gcás inarb iomchuí, faoi réir íocaíocht phionósach athfhillteach, d’fhonn comhlíonadh an ordaithe a áirithiú. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh sealbhóirí na gceart ordú a lorg i gcoinne idirghabhálaithe lena mbaineann tríú páirtí úsáid as a gcuid seirbhísí chun ceart maoine intleachtúla a shárú, gan dochar d’Airteagal 8(3) de Threoir 2001/29/CE [21].” [Aistriúchán neamhoifigiúil]

19. Foráiltear le hAirteagal 13 den Treoir sin, dar teideal “Damáistí”:

“1. Áiritheoidh na Ballstáit, ar iarratas ón bpáirtí díobhálaithe, go n-ordóidh na húdaráis bhreithiúnacha inniúla don sáraitheoir a bhí ag gabháil go feasach do ghníomhaíocht sháraitheach nó a bhí ag gabháil di agus forais réasúnacha aige a bheith feasach ina leith, damáistí a íoc leis an sealbhóir cirt ar damáistí iad is iomchuí don dochar iarbhir a d’fhulaing sé mar gheall ar an sárú.

[...]

2. I gcás nach go feasach, ná le forais réasúnacha aige a bheith feasach, a bhí an duine a rinne an sárú ag gabháil do ghníomhaíocht sháraitheach, féadfaidh na Ballstáit a leagan síos go bhféadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha a ordú go ndéanfar na brabúis a ghnóthú nó damáistí a íoc, ar damáistí iad a fhéadfar a réamhbhunú.” [Aistriúchán neamhoifigiúil]

²⁰ Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le fógraíocht mhíthreorach agus chomparáideach (IO 2006 L 376, lch. 21).

²¹ Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 maidir le comhchuibhiú gnéithe áirithe den chóipcheart agus cearta gaolmhara sa tsochaí faisnéise (IO 2001 L 167, lch. 10).

C. An Treoir maidir le tráchtáil leictreonach

20. Luaitear an méid seo a leanas in aithris 48 den Treoir maidir le tráchtáil leictreonach:

“Tá an Treoir seo gan dochar don fhéidearthacht atá ag na Ballstáit a cheangal ar sholáthraithe seirbhíse a stóráilann faisnéis arna soláthar ag faighteoirí a gcuid seirbhísí gníomhú leis an gcúram is féidir a bheith ag súil leis go réasúnta, mar a shainmhínítear sa dlí náisiúnta, chun cineálacha áirithe gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a bhrath agus a chosc.” [Aistriúchán neamhoifigiúil]

21. Foráiltear le hAirteagal 14(1) den Treoir sin, dar teideal “Óstáil”:

“Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina soláthraítear seirbhís de chuid na sochaí faisnéise ina gcuimsítear stóráil faisnéise arna soláthar ag faighteoir na seirbhíse, nach mbeidh an soláthraí seirbhíse faoi dhliteanas i leith na faisnéise a stóráiltear arna iarraidh sin d’fhaighteoir na seirbhíse, ar choinníoll:

(a) nach bhfuil eolas iarbhír ag an soláthraí ar ghníomhaíocht neamhdhleathach nó ar fhaisnéis neamhdhleathach agus, a mhéid a bhaineann le héilimh ar dhamáistí, nach bhfuil sé ar an eolas faoi fhíorais nó imthosca ónár léir an ghníomhaíocht neamhdhleathach nó an fhaisnéis neamhdhleathach

nó

(b) nuair a fhaigheann an soláthraí an t-eolas sin, go bhfeidhmíonn sé go tapa chun rochtain ar an bhfaisnéis a bhaint nó a dhíchumasú.” [Aistriúchán neamhoifigiúil]

III. Na díospóidí sna príomhimeachtaí, na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú agus na nósanna imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais

22. Is dearthóir Francach de choisbheart é an tUasal Louboutin arb iad na hearraí is cáiliúla atá aige ná bróga a bhfuil sála arda orthu do mhná. Ó lár na 1990idí i leith, tá an bonn amuigh dá bhróga péinteáilte i ndath dearg, ag a bhfuil an cód Pantone 18.1663TP.

23. Tá an dath seo, a chuirtear ar bhonn bróige a bhfuil sála ard uirthi, cláraithe mar thrádmharc Benelux faoi uimhir 0874489 agus mar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh faoin uimhir 8845539.²² Tá an trádmharc sin cosanta do “b[h]róga a bhfuil sála arda orthu (seachas coisbhearta ortaipéideacha)”.

24. Is fiontar é Amazon atá speisialaithe in earraí agus seirbhísí éagsúla a thairiscint lena ndíol ar líne, go díreach ar a shon féin agus go hindíreach mar ardán díolacháin do dhíoltóirí tríú páirtithe.

25. Ar shuíomhanna gréasáin Amazon, tá fógraíocht do bhróga le boinn dhearga le feiceáil go rialta, fógraí a bhaineann, dar leis an Uasal Louboutin, le hearraí a cuireadh i gcúrsaíocht gan a thoilíú.

²² De réir an chláraithe, “is éard atá sa trádmharc ná an dath dearg (cód Pantone Uimh. 18.1663TP) arna chur ar an mbonn bróige mar a léirítear é (ní cuid den trádmharc é, dá bhrí sin, comhrian na bróige ach tá sé d’aidhm aige aird a tharraingt ar shuíomh an trádmhairc)”.

A. Cás C-148/21

26. Trí eascaire ó bháille cúirte an 19 Meán Fómhair 2019, thug an tUasal Louboutin, ag brath ar shárú ar na cearta eisiacha faoina thrádmharc de chuid AE, treoir d'fhochuideachtaí Amazon, a bhfuil a gceannoifig acu i Lucsamburg, teacht os comhair an tribunal d'arrondissement de Luxembourg (an Chúirt Dúiche, Lucsamburg, Lucsamburg), ina suí di mar chúirt tráchtála. D'iarr an tUasal Louboutin go ndéanfaí Amazon a chur faoi dhliteanas i leith sáraithe ar a thrádmharc, go stopfadh Amazon as úsáid a bhaint as comharthaí atá comhionann leis an trádmarc sin ar fud chríoch an Aontais i gcúrsaí trádála, ach amháin i gcríoch Benelux arna chumhdach le cinneadh ó chúirt sa Bheilg, agus, in ainneoin sin, go n-íocfadh Amazon íocaíocht phionósach thréimhsiúil, agus go gcinntí go bhfuil sé i dteideal damáistí as an dochar a rinneadh de bharr na húsáide neamhdhleathaí atá faoi chonspóid.

27. Tá iarrataí an Uasail Louboutin bunaithe ar Airteagal 9(2)(a) de Rialachán 2017/1001. Áitíonn an tUasal Louboutin gur bhain Amazon úsáid, gan a thoiliú, as comhartha atá comhionann leis an trádmarc arb é an dílseánach de maidir le hearraí nó seirbhísí atá comhionann leo siúd a bhfuil an trádmarc sin cláraithe, mar gheall, go háirithe, ar fhógraíocht a thaispeáint ar siopaí ar líne na cuideachta sin, fógraíocht a bhaineann le hearraí a bhfuil an comhartha atá faoi chonspóid orthu, ach freisin mar gheall ar stocáil, ar sheoladh agus ar sheachadadh na n-earraí sin. Dar leis an Uasal Louboutin, tá úsáid den sórt sin inchurtha i leith Amazon sa mhéid is go raibh ról gníomhach ag an gcuideachta sin i gcoimisiúnú na ngníomhartha arb é an úsáid sin iad agus ba é sin an áit a raibh an fhógraíocht a bhaineann leis na hearraí góchumtha mar chuid dá chumarsáid tráchtála féin. Dá bhrí sin, ní féidir Amazon a mheas gurb ionann Amazon agus óstach amháin ná idirghabhálaí neodrach.

28. Díospóideann Amazon gur féidir é a chur faoi dhliteanas as an trádmarc a úsáid. Braitheann sé ar roinnt breithiúnas de chuid na Cúirte Breithiúnais a bhaineann le hardáin eile, amhail eBay, chun a mhaíomh, mar oibreoir margaidh ar líne, nach féidir é a chur faoi dhliteanas i leith úsáid an trádmarc sin ag díoltóirí tríú páirtithe a úsáideann a ardán. Áitíonn sé nach bhfuil difríocht shuntasach idir modh oibríochta a mhargaidh, a bhfuil rochtain ag díoltóirí tríú páirtithe air, agus modh oibríochta na margaí eile agus, cé go bhfuil lógó Amazon i bhfógraí na ndíoltóirí tríú páirtithe sin ar a shuíomh ghréasáin, ní chiallaíonn sé go nglacann sé leis na fógraí sin. Dar le Amazon, níor cheart go dtabharfadh na seirbhísí coimhdeacha a chuireann sé ar fáil bonn cirt le haicmiú tairiscintí tríú páirtithe mar chuid dá chumarsáid féin. Tugann Amazon dá aire, cé go gcruthaíonn soláthraí seirbhíse na coinníollacha teicniúla is gá chun comhartha a úsáid agus go bhfaigheann sé luach saothair as an tseirbhís sin, ní chiallaíonn sé sin gurb é an duine a sholáthraíonn an tseirbhís é féin an duine atá ag baint úsáid as an gcomhartha.

29. Dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, ba cheart a chinneadh an féidir le feidhmiú áirithe na n-ardán arna n-oibriú ag Amazon úsáid a bhaint as comhartha atá comhionann leis an trádmarc mar gheall ar chomhtháthú fógraí ag díoltóirí tríú páirtithe i gcumarsáid tráchtála na cuideachta féin.

30. Ar an gcéad dul síos, tagraíonn an chúirt a rinne an tarchur do bhreithiúnas *L'Oréal agus páirtithe eile*²³ (“breithiúnas eBay”), inar chinn an Chúirt Bhreithiúnais go gciallaíonn “úsáid” comhartha atá comhionann le nó cosúil le trádmarc an dílseánaigh ag tríú páirtí, ar a laghad, go n-úsáideann an tríú páirtí sin an comhartha i gcomhthéacs a chumarsáide tráchtála féin, chun a chinneadh nach mbaineann oibreoir margaidh ar líne úsáid den sórt sin as. Áitíonn an chúirt seo,

²³ Breithiúnas an 12 Iúil 2011 (C-324/09, EU:C:2011:474).

áfach, sa mhéid ina raibh baint ag an mbreithiúnas sin le hardán eBay, a bhfuil baint shuntasach aige le foilsíú fógraí a chuid úsáideoirí ní mar dhíoltóir agus dáileoir ach mar idirghabhálaí amháin, nach bhfuil an cásdlí seo, dar leis an gcúirt sin, *ipso facto*, inaistrithe chuig ardán le feidhmiú difriúil.

31. Tá an chúirt a rinne an tarchur den tuairim, i ndáil leis sin, nach gá gach gné de na tairiscintí mar a chuirtear i láthair iad ar shuíomhanna gréasáin Amazon a mheas ina n-aonar, ach measúnú a dhéanamh ar an straitéis ina hiomláine chun a chinneadh an bhféadfadh an tsamhail díolacháin atá curtha ar bun ag an gcuideachta sin a bheith difriúil ó shamhail an mhargaidh ann féin agus go n-eascródh, i gcás arb iomchuí, dliteanais éagsúla.

32. Áitíonn an chúirt a rinne an tarchur, in ainneoin cásdlí flúirseach, nár rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais riamh ar an gceist maidir le cé acu is féidir nó nach féidir a mheas go ndéanann dáileoir earraí ar an idirlíon, a oibríonn margadh ar líne ag an am céanna, tairiscintí tríú páirtí a ionchorprú ina chumarsáid tráchtála féin. Tá an cásdlí sin bunaithe ar an réamhthuiscint nach bhfuil fógraí tríú páirtí mar chuid de chumarsáid tráchtála an oibreora ardáin féin, rud a d'fhágfadh sa chás seo go ndéanfaí Amazon a mheas mar oibreoir margaidh ar líne amháin.

33. Tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, i mbreithiúnas Coty Germany,²⁴ gur thug an Chúirt Bhreithiúnais aghaidh ar an gceist sin go heisiach ó thaobh stóráil earraí, gan aird a thabhairt ar anailís níos leithne ar shamhail ghnó Amazon, agus mar thoradh air sin nár ghlac an Chúirt Bhreithiúnais seasamh maidir leis an bhfadhb os a comhair sa chás seo, rud a bhaineann ní hamháin le stóráil Amazon de tháirgí a dhíolann tríú páirtithe, ach a ardaíonn ceist níos leithne freisin maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart tairiscintí tríú páirtithe a mheas mar thairiscintí atá comhtháite ag Amazon ina chumarsáid tráchtála féin.

34. Cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl nach féidir dliteanas an idirghabhálaí maidir le cosaint trádhmhairc a eisiáimh go cinnte toisc go bhféadfaí an cheist níos leithne seo a réiteach, i gcás arb iomchuí, faoi choimirce dhlí an Aontais maidir le tráchtáil leictreonach.

35. Ar an dara dul síos, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, maidir leis an ról nach mór gníomhach ag oibreoir an mhargaidh i bhfoilsíú fógraí, an mbeadh dearcadh an phobail ábhartha. Go sonrach, fiafraíonn sí an ionann dearcadh an phobail go bhfuil fógra nó tairiscint tríú páirtí mar chuid de chumarsáid tráchtála an oibreora ardáin díolacháin dhigitigh féin agus an tairiscint a chomhtháthú ina chumarsáid tráchtála, rud a fhágann go bhfuil an t-oibreoir faoi dhliteanas maidir le dlí na dtrádmharcanna.

36. Ar deireadh, ar an tríú dul síos, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur ar cheart a mheas go bhfuil úsáid á bhaint ag oibreoir as comhartha nuair a sheolann sé earraí ar a bhfuil an comhartha atá faoi chonspóid. Measann an chúirt a rinne an tarchur nár rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais, i mbreithiúnas Coty, ar sheoladh earraí tar éis a stórála sa mhéid, sa chás ba chúis leis an mbreithiúnas sin, gur soláthraí seirbhíse seachtrach a rinne iad a sheoladh.

²⁴ Breithiúnas an 2 Aibreán 2020 (C-567/18, EU:C:2020:267, “breithiúnas Coty”).

37. Sna himthosca sin, chinn an tribunal d'arrondissement de Luxembourg (an Chúirt Dúiche, Lucsamburg, Lucsamburg) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhair réamhrialú:

“1) An bhfuil Airteagal 9(2) de [Rialachán 2017/1001] le léirmhíniú ar chaoi go bhfuil úsáid comhartha atá comhionann le trádhmharc i bhfógraíocht atá ar taispeáint ar shuíomh gréasáin inchurtha i leith a oibreora nó na n-eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch acu leis mar gheall ar an meascán ar an suíomh gréasáin sin de thairiscintí an oibreora féin nó na n-eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch acu leis agus tairiscintí de chuid díoltóirí tríú páirtí, tríd an bhfógraíocht sin a chomhtháthú i gcumarsáid tráchtála an oibreora nó na n-eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch acu leis?

An ndéantar comhtháthú den sórt sin a neartú mar gheall:

- go gcuirtear an fhógraíocht i láthair go haonfhoirmeach ar an suíomh gréasáin?
- go ndéantar fógraíocht an oibreora agus na n-eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch acu leis agus fógraíocht de chuid díoltóirí tríú páirtí a thaispeáint gan idirdhealú ó thaobh a n-áite tionscnaimh, ach go dtaispeántar go soiléir lógó an oibreora nó na n-eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch acu leis, sna ranna fógraíochta de shuíomh gréasáin tríú páirtí i bhfoirm ‘pop-up’?
- go dtairgeann an t-oibreoir nó na heintitis a bhfuil nasc eacnamaíoch acu leis seirbhís iomlán do dhíoltóirí tríú páirtí, lena n-áirítear cúnamh chun fógraíocht a ullmhú agus praghsanna díola a shocrú agus chun na hearraí a stóráil agus a sheoladh?
- go bhfuil suíomh an oibreora agus na n-eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch acu leis deartha sa chaoi go mbeidh sé i bhfoirm siopaí agus lipéid amhail ‘earraí sárdhíola’, ‘an t-éileamh is mó’ nó ‘bronntanais móréilimh’, gan idirdhealú follasach ar an gcéad amharc idir earraí an oibreora agus na n-eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch acu leis agus earraí de chuid díoltóirí tríú páirtí?

2) An bhfuil Airteagal 9(2) de [Rialachán 2017/1001] le léirmhíniú ar chaoi go bhfuil úsáid comhartha atá comhionann le trádhmharc i bhfógraíocht atá ar taispeáint ar shiopa ar líne inchurtha, i bprionsabal, i leith a oibreora nó na n-eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch acu leis más rud é, i ndearcadh úsáideora idirlín atá réasúnta eolach agus airdeallach, go raibh ról gníomhach ag an oibreoir sin nó ag eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch aige leis i bhforbairt na fógraíochta sin nó má mheastar go bhfuil sí ina cuid de chumarsáid tráchtála an oibreora sin féin?

An mbeidh tionchar ag a leanas ar an dearcadh sin:

- go bhfuil an t-oibreoir agus/nó eintitis a bhfuil nasc eacnamaíoch acu leis mar dháileoir clúiteach ar réimse mór earraí, lena n-áirítear earraí i gcatagóir na n-earraí sin a cuireadh chun cinn san fhógraíocht; nó
- go dtaispeántar san fhógraíocht arna taispeáint ceannteideal ina n-atáirgtear trádhmharc seirbhíse an oibreora sin nó na n-eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch acu leis, agus go bhfuil clú ar an trádhmharc sin mar thrádhmharc dáileora; nó

- go dtairgeann an t-oibreoir nó na heintitis a bhfuil nasc eacnamaíoch acu leis, mar aon leis an taispeáint sin, seirbhísí a sholáthraíonn, go traidisiúnta, dáileoirí earraí sa chatagóir chéanna leis an gcatagóir lena mbaineann na hearraí a cuireadh chun cinn san fhógraíocht?

3) An bhfuil Airteagal 9(2) de [Rialachán 2017/1001] le léirmhíniú ar chaoi nach ionann an seoladh, i gcúrsa trádála agus gan toiliú an dílseánaigh trádmhairc, chuig an tomhaltóir deiridh de tháirge ar a bhfuil comhartha atá comhionann leis an trádmharc, agus úsáid atá inchurtha i leith an tseoltóra ach amháin má tá eolas iarbhír ag an seoltóir gur greamaíodh an comhartha ar an earra?

An bhfuil seoltóir den sórt sin ina úsáideoir den chomhartha lena mbaineann má tá sé curtha in iúl ag an seoltóir féin nó ag eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch aige leis don tomhaltóir deiridh go ndéanfaidh sé an seoladh sin tar éis dó nó d'eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch aige leis an t-earra a stóráil chun na críche sin?

An bhfuil seoltóir den sórt sin ina úsáideoir den chomhartha lena mbaineann má raibh an seoltóir féin nó eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch aige leis rannpháirteach go gníomhach roimhe sin i dtaispeáint, i gcúrsa trádála, d'fhógraíocht an earra ar a bhfuil an comhartha sin nó má thóg sé ordú an tomhaltóra deiridh ar bhonn na fógraíochta sin?"

38. Fuarthas an iarraidh ar réamhrialú ag an gCúirt Bhreithiúnais an 8 Márta 2021. Chuir na páirtithe sna príomhimeachtaí, Rialtas na Gearmáine agus an Coimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn isteach. Ghlac na páirtithe céanna, seachas Rialtas na Gearmáine, páirt san éisteacht a tionóladh an 22 Feabhra 2022.

B. Cás C-184/21

39. Ar an 4 Deireadh Fómhair 2019, thionscain an tUasal Louboutin caingean os comhair an tribunal de l'entreprise francophone de Bruxelles (Cúirt Fraincise na gCuideachtaí, an Bhruiséil, an Bheilg) chun go stopfaidh Amazon úsáid a bhaint as a thrádmharc agus chun cúiteamh a fháil ar an dochar a rinneadh de bharr na n-úsáidí sin.

40. Mar thaca lena chaingean, braitheann an tUasal Louboutin ar na hargóintí céanna leo siúd a cuireadh ar aghaidh i gCás C-148/21, ag cur béim go háirithe air go bhfuil an fhógraíocht atá faoi chonspóid, ar dtús, mar dhlúthchuid de chumarsáid tráchtála Amazon, ós rud é go dtaispeántar leo, ar barr gach fógra, trádmharc leathfhíorúil Amazon, ar trádmharc é de chuid díoltóra a bhfuil ardcháil air agus, anuas air sin, go bhfuil siad cosúil, ina gcomhdhéanamh, le gnáthfhógraíocht na ndíoltóirí móra. Áitíonn an tUasal Louboutin freisin, agus breithniú á dhéanamh ar an gceist an bhfuil fógraíocht ina cuid dhílis de chumarsáid tráchtála de dhuine nádúrtha ar leith féin, gur cheart dearcadh an tomhaltóra atá réasúnta eolach agus airdeallach ar a bhfuil an fhógraíocht sin dírithe a chur san áireamh. Ina theannta sin, áitíonn sé gur gníomh úsáide an chomhartha sin é seoladh earra chuig ceannaitheoir a bhfuil comhartha atá comhionann le trádmharc air.

41. Mar fhreagra air sin, áitíonn Amazon nach ionann tairiscintí de bhróga a líomhnaítear a bheith góchumtha arna bhfoilsíú ag díoltóirí tríú páirtí ar a shiopaí ar líne chomh maith le seoladh na mbróg sin a dhíolann siad agus úsáid an trádmhairc ag Amazon agus, de réir cásdlí socair, ní féidir le Amazon, mar oibreoir margaidh ar líne, a chur faoi dhliteanas maidir le húsáid (neamhúdaraíthe) de thrádmharc ag tríú páirtithe. Tagraíonn Amazon, maidir leis sin, do bhreithiúnas a thug an Cour d'appel de Bruxelles (Cúirt Achomhairc, an Bhruiséil, an

Bheilg)²⁵ inar chinn an chúirt sin “nach bhfuil úsáid an trádghairc i bhfógraíocht chun earraí góchumtha ó dhíoltóir tríú páirtí a dhíol inchurtha i leith oibreoir an mhargaidh ar líne – fiú má tá céannacht an oibreora sin le feiceáil – toisc nach bhfuil sé mar chuid dá chumarsáid tráchtála féin”.

42. Measann an chúirt a rinne an tarchur go mbeadh na ceistanna, ar an gcéad dul síos, maidir leis na himthosca inar féidir comhartha sáraitheach arna úsáid i bhfógraíocht a chur i leith oibreoir siopa ar líne ar dáileoir é freisin, agus, ar an dara dul síos, an bhfuil gá, agus cad iad na himthosca inar ghá, dearcadh an phobail trí thagairt don fhógraíocht sin a chur san áireamh chun inchurthacht na húsáide sin a chinneadh, ábhartha chun an díospóid atá os a chomhair a réiteach. Dar leis an gcúirt sin, is amhlaidh an cás maidir leis na himthosca a bhaineann le seoladh earra a bhfuil comhartha air lena ndéantar trádgharc a shárú, ceist nach mór a fhreagairt, dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, d’fhonn cur i bhfeidhm Airteagal 9(2) de Rialachán 2017/1001 sa chás seo a chinneadh.

43. Ba sna himthosca sin a chinn an tribunal de l’entreprise francophone de Bruxelles (Cúirt Fraincise na gCuideachtaí, an Bhruiséil) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceistanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhair réamhrialú:

“1) An bhfuil Airteagal 9(2) de [Rialachán 2017/1001] le léirmhíniú ar chaoi go bhfuil úsáid comhartha atá comhionann le trádgharc i bhfógraíocht atá ar taispeáint ar shuíomh gréasáin inchurtha, i bprionsabal, i leith a oibreora más rud é, i ndearcadh úsáideora idirlín atá réasúnta eolach agus airdeallach, go raibh ról gníomhach ag an oibreoir sin i bhforbairt na fógraíochta sin nó go bhféadfadh úsáideoir idirlín den sórt sin a mheas go bhfuil an fhógraíocht sin ina cuid de chumarsáid tráchtála an oibreora sin féin?

An mbeidh tionchar ag a leanas ar an dearcadh sin:

- go bhfuil an t-oibreoir sin mar dháileoir clúiteach ar réimse mór earraí, lena n-áirítear earraí i gcatagóir na n-earraí sin a cuireadh chun cinn san fhógraíocht; nó
- go dtaispeántar san fhógraíocht arna taispeáint ceannteideal ina n-atáirgtear trádgharc seirbhíse an oibreora sin, agus go bhfuil clú ar an trádgharc sin mar thrádgharc dáileora; nó
- go dtairgeann an t-oibreoir sin, mar aon leis an taispeáint sin, seirbhísí a sholáthraíonn, go traidisiúnta, dáileoirí earraí sa chatagóir chéanna leis an gcatagóir lena mbaineann na hearraí a cuireadh chun cinn san fhógraíocht?

2) An bhfuil Airteagal 9(2) de [Rialachán 2017/1001] le léirmhíniú ar chaoi nach ionann an seoladh, i gcúrsa trádála agus gan toiliú an dílseánaigh trádghairc, chuig an tomhaltóir deiridh de tháirge ar a bhfuil comhartha atá comhionann leis an trádgharc, agus úsáid atá inchurtha i leith an tseoltóra ach amháin má tá eolas iarbhír ag an seoltóir gur greamaíodh an comhartha ar an earra?

An bhfuil seoltóir den sórt sin ina úsáideoir den chomhartha lena mbaineann má tá sé curtha in iúl ag an seoltóir féin nó ag eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch aige leis don tomhaltóir deiridh go ndéanfaidh sé an seoladh sin tar éis dó nó d’eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch aige leis an t-earra a stóráil chun na críche sin?

²⁵ Breithiúnas an 25 Meitheamh 2020, RG/2019/AR/1480.

An bhfuil seoltóir den sórt sin ina úsáideoir den chomhartha lena mbaineann má raibh an seoltóir féin nó eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch aige leis rannpháirteach go gníomhach roimhe sin i dtaispeáint, i gcúrsa trádála, d'fhógraíocht an earra ar a bhfuil an comhartha sin nó má thóg sé ordú an tomhaltóra deiridh ar bhonn na fógraíochta sin?"

44. Fuarthas an iarraidh ar réamhrialú ag an gCúirt Bhreithiúnais an 24 Márta 2021. Chuir na páirtithe sna príomhimeachtaí agus an Coimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn isteach. Ghlac na páirtithe céanna páirt san éisteacht a tionóladh an 22 Feabhra 2022.

IV. Anailís

45. Tugaim faoi deara go mbaineann na ceisteanna uile a tharchuirtear chuig an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhair réamhrialú i gCásanna C-148/21 agus C-184/21 le léirmhíniú ar an gcoincheap de “úsáid” de réir bhrí Airteagal 9(2) de Rialachán 2017/1001, agus go bhfuil forluí den chuid is mó idir na gnéithe a cuireadh ar aghaidh i ngach ceann de na ceisteanna sin.²⁶ Mar sin, breithneoidh mé le chéile iad.

46. Lena gceisteanna, fiafraíonn na cúirteanna a rinne na ceisteanna a tharchur, go bunúsach, an gá Airteagal 9(2) de Rialachán 2017/1001 a léirmhíniú ar chaoi a gciallaíonn nach mór a mheas go bhfuil úsáid á baint ag oibreoir d’ardán díolacháin ar líne as trádmharc i dtairiscint ar dhíolachán arna foilsiú ag tríú páirtí ar an ardán sin mar gheall, ar dtús, go bhfoilsíonn sé a thairiscintí féin agus tairiscintí tríú páirtí araon ar bhonn aonfhoirmeach gan idirdhealú a dhéanamh idir eatarthu de réir a n-áite tionscnaimh ina dtaispeáint, trí ligean dá lógó féin mar dháileoir clúiteach a bheith le feiceáil ar an bhfógraíocht sin agus, anuas air sin, go dtairgeann sé seirbhísí breise stórála agus seoladh earraí arna bpostáil ar a ardán do dhíoltóirí tríú páirtí trína chur in iúl do cheannaitheoirí ionchasacha go mbeidh sé freagrach as na gníomhaíochtaí sin. Thairis sin, iarrann na cúirteanna a rinne na ceisteanna a tharchur ar an gCúirt Bhreithiúnais maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil tionchar ag dearcadh úsáideora idirlín atá réasúnta eolach agus airdeallach ar an léirmhíniú ar an gcoincheap de “úsáid” de réir bhrí na forála sin.

47. D’fhonn freagra a thabhairt ar na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú, tosóidh mé le meabhrúchán den chásdlí a bhaineann leis an gcoincheap de “úsáid” an trádmhairc, de réir bhrí Airteagal 9(2) de Rialachán 2017/1001, chun na cúiseanna a leagan amach go bhfuil mé den tuairim go leanann sé ón gcásdlí sin gurb é atá i gceist le cur i bhfeidhm an choincheapa sin ná dearcadh úsáideoir an ardáin atá i gceist a chur san áireamh. Déanfaidh mé anailís ansin ar na himpleachtaí a bhaineann leis an dearcadh a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh an mbaineann Amazon, mar gheall ar shaintréithe a mhodha oibríochta, mar a thug na cúirteanna a rinne na ceisteanna a tharchur tuairisc orthu, úsáid as trádmharc i dtairiscint díolacháin arna foilsiú ag tríú páirtí ar a shuíomh gréasáin.

A. An creat anailíseach a chinneadh

48. Foráiltear le hAirteagal 9(2) de Rialachán 2017/1001, atá cosúil le substaint Airteagal 9(1) de Rialachán Uimh. 207/2009, go bhfuil dílseánach trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh i dteideal aon tríú páirtí a chosc, in éagmais a thoilithe, ó chomhartha atá comhionann leis an trádmharc a *úsáid*, i gcúrsaí trádála, má úsáidtear an comhartha sin i ndáil le hearraí nó seirbhísí

²⁶ Féach míreanna 90 agus 91 den Tuairim seo.

atá comhionann leo siúd a bhfuil an trádmarc cláraithe ina leith. Mar sin féin, ní shainmhínítear le forálacha Rialachán 2017/2001 an coincheap de “úsáid”, agus, mar thoradh air sin, tá na prionsabail maidir le léirmhíniú an choincheapa sin leagtha síos i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais.

1. Sainmhíniú neamhleor sa chásdlí mar atá sé

49. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais go mbaineann an focal “úsáid”, in Airteagal 9(2) de Rialachán 2017/1001, ar thaobh an tríú páirtí, idirghabhálaí idirlín, le hiompar gníomhach agus stiúir, bíodh sin díreach nó indíreach, ar an ngníomh arb ionann é agus úsáid.²⁷

50. Léirítear an ceanglas sin maidir le hiompar gníomhach agus stiúir ar an ngníomh arb ionann é agus úsáid, ar dtús, i bhfoclaíocht Airteagal 9 de Rialachán 2017/1001, ós rud é go liostaítear i mír 3 den fhoráil sin ar bhealach neamh-uileghabhálach na cineálacha úsáide a bhféadfadh dílseánach an trádmarc a chosc agus ní thagraítear ach d’iompar gníomhach ar thaobh an tríú páirtí.²⁸ Anuas air sin, leanann sé ó chuspóir Airteagal 5(1) den Rialachán sin, a bhfuil sé d’aidhm leis ionstraim dlí a chur ar fáil don dílseánach a chuirfidh ar a chumas cosc a chur ar agus, dá bhrí sin, stop a chur le húsáid an trádmarc ag tríú páirtí gan a thoiliú. Ní féidir ach le tríú páirtí a bhfuil stiúir aige ar an ngníomh arb ionann é agus úsáid stop a chur leis an úsáid sin.²⁹ Mar sin, is léiriú é an ceanglas sin ar an bprionsabal nach féidir le duine ar bith a bheith faoi cheangal dlíthiúil ag rud atá dodhéanta.³⁰

51. Thairis sin, chinn an Chúirt Bhreithiúnais go seasta go nglactar le gníomh úsáide idirghabhálaí idirlín, “ar a laghad, go mbaineann an t-idirghabhálaí úsáid as an gcomhartha i gcomhthéacs a chumarsáide tráchtála féin”.³¹ Is éard atá i gceist leis an gcoinníoll sin, atá ina shíneadh díreach ar an gcoinníoll a bhaineann le hiompar gníomhach a ghlacadh, i mo thuairim, ná croílár an choincheapa de “úsáid” maidir le hidirghabhálaí a oibríonn ar an idirlíon. Is coinníoll riachtanach é chun úsáid comhartha a aithint, agus ina éagmais sin tá an úsáid sin in easnamh.

52. Ba cheart a thabhairt faoi deara go n-eisiadh, go dtí seo, mar thoradh ar an gcoinníoll maidir le húsáid an chomhartha ag idirghabhálaí idirlín ina chumarsáid tráchtála féin, gurbh ann d’úsáid ag an idirghabhálaí sin. Mar sin, chinn an Chúirt Bhreithiúnais, i mbreithiúnas Google, nach mbaineann soláthraí seirbhíse tagartha úsáid as an gcomhartha ina chumarsáid tráchtála féin, toisc nach ligeann sé ach dá chliaint úsáid a bhaint as comharthaí atá comhionann le trádmarc iad féin, agus, mar thoradh air sin, ní dhéantar ach na coinníollacha teicniúla is gá a chruthú chun comhartha a úsáid.³² Ar an gcaoi chéanna, chinn an Chúirt Bhreithiúnais, i mbreithiúnas eBay,³³ nach mbaineann oibreoir margaidh úsáid as an gcomhartha atá i gceist ina chumarsáid tráchtála féin nuair a sholáthraíonn sé seirbhís lena gcuirtear ar chumas cliant an chomhartha sin a thaispeáint ina ngníomhaíochtaí tráchtála agus, i mbreithiúnas Coty,³⁴ nach ionann stóráil

²⁷ Breithiúnais an 3 Márta 2016, *Daimler* (C-179/15, EU:C:2016:134, mír 41), agus an 2 Iúil 2020, *mk advokaten* (C-684/19, EU:C:2020:519, mír 23).

²⁸ Breithiúnas an 3 Márta 2016, *Daimler* (C-179/15, EU:C:2016:134, mír 40).

²⁹ Breithiúnas an 3 Márta 2016, *Daimler* (C-179/15, EU:C:2016:134, mír 41).

³⁰ Féach Kur, A., agus Senftleben, M., op. cit., lch. 276.

³¹ Breithiúnas an 23 Márta 2010, *Google France agus Google* (C-236/08 go C-238/08, “EU:C:2010:159, mír 56, breithiúnas Google”); breithiúnas *eBay* (mír 102), agus breithiúnas *Coty* (mír 39).

³² Breithiúnas *Google* (míreanna 56 agus 57).

³³ Mír 102 den bhreithiúnas sin.

³⁴ Mír 47 den bhreithiúnas sin. Ar an gcinneadh maidir le heaspa úsáide de chomhartha mar gheall ar easpa úsáide de chomhartha ag idirghabhálaí ina chumarsáid tráchtála féin lasmuigh de chásanna a bhaineann le hidirghabhálaithe idirlín, féach freisin breithiúnais an 15 Nollaig 2011, *Frisdranken Industrie Winters* (C-119/10, EU:C:2011:837), agus an 16 Iúil 2015, *TOP Logistics agus páirtithe eile* (C-379/14, EU:C:2015:497).

earraí ar a bhfuil an comhartha atá i gceist agus úsáid a bhaint as an gcomhartha sin i gcumarsáid tráchtála tríú páirtí féin nuair nach dtairgeann an tríú páirtí é féin na hearraí lena mbaineann lena ndíol nó nuair nach gcuireann sé iad ar an margadh iad.

53. Tugaim faoi deara, áfach, nár sainíodh an coinníoll sin ar bhonn níos doimhne riamh i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais agus nár tugadh aghaidh ar bhealach níos mine ar an tsaincheist sin sa litríocht,³⁵ agus, mar thoradh air sin, níl sé soiléir cad atá clúdaithe ag an gcoincheap de “úsáid comhartha ag idirghabhálaí ina chumarsáid tráchtála féin”.³⁶ Cuireann úsáid dhiúltach amháin an choinníll sin, lena léirítear nár úsáideadh comhartha fiú sa chás inar aimsíodh é, agus sin amháin, go mór lena dhoiléireacht.

54. Cé nach bhfuil sé éasca a chinneadh, ar an gcéad amharc, ar bhonn chásdlí na Cúirte Breithiúnais, cad a chiallaíonn an coincheap “úsáid comhartha ag idirghabhálaí ina chumarsáid tráchtála féin” ar bhealach dearfach agus conas is féidir a shuíomh go bhfuil coinníoll den sórt sin comhlíonta, áfach, má dhéantar anailís níos cúramaí ar an gcoincheap, is féidir é a shainmhíniú.

2. *“Úsáid comhartha ag idirghabhálaí ina chumarsáid tráchtála féin”: coincheap lena n-ionchorprú, mar is gá, dearcadh úsáideoir an ardáin*

55. Is tagairt é cumarsáid tráchtála fiontair de ghnáth d’aon chineál cumarsáide lena gcuirtear chun cinn a ghníomhaíocht, a earraí nó a sheirbhísí nó lena léirítear feidhmiú gníomhaíochta den sórt sin. Tá sé beartaithe chun gníomhaíocht an fhiontair sin a chur in iúl nó a thuairisciú do thríú páirtithe. Dá bhrí sin, tá cuspóir seachtrach amháin ag baint leis, ós rud é go sainmhínítear an téarma “cumarsáid” go coitianta mar an gníomh chun rud a roinnt nó chun eolas a thabhairt do dhuine ar rud éigin.³⁷

56. Ní cheaptar an chumarsáid ansin ach amháin i gcaidreamh idir an fiontar a úsáideann an comhartha agus tríú páirtithe, agus toimhdítear mar sin le húsáid idirghabhálaí idirlín de chomhartha ina chumarsáid tráchtála féin gur dócha go bhfuil an comhartha atá i gceist, lasmuigh den fhiontar sin, mar dhlúthchuid den chumarsáid sin. I bhfocail eile, leithreasaíonn an t-idirghabhálaí an comhartha a mhéid is cosúil go bhfuil an comhartha sin mar chuid dá ghníomhaíocht.

57. Ní smaoineamh nua é seo. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais gur úsáid an chomhartha í “úsáid an tríú páirtí den comhartha ar chaoi a ndéantar nasc a bhunú idir an comhartha sin agus na hearraí a mhargaítear nó na seirbhísí arna soláthrú ag an tríú páirtí”.³⁸ Cé nár glacadh go sainráite leis an gcoinníoll a bhaineann le nasc den sórt sin a bheith ann, ó shin i leith, maidir le hidirghabhálaithe idirlín agus gur cuireadh an coinníoll a bhaineann le húsáid an chomhartha i gcumarsáid tráchtála an idirghabhálaí féin ina ionad, is é an fáth atá leis sin ná go bhfuil an loighic chéanna mar thaca ag an gcoinníoll sin.

³⁵ Tá sé sin tugtha faoi deara ag roinnt údar. Féach Marsoof, A., op. cit., lch. 37, agus Ullrich, C., op. cit., lch. 358.

³⁶ Maidir le cineál doiléir an choincheapa de “úsáid”, féach Kur, A., agus Senftleben, M., op. cit., lch. 275.

³⁷ Tagraíonn an téarma “cumarsáid”, don duine a bhfuil eolas aige ar dhlí na maoine intleachtúla, don choincheap “cumarsáid leis an bpobal” de réir bhrí Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach agus lena leasaítear Treoracha 96/9/CE agus 2001/29/CE (IO 2019 L 130, lch. 92). Ní dhéanfaidh mé tagairt, áfach, don chásdlí maidir le léirmhíniú an choincheapa sin d’fhonn an coincheap “cumarsáid tráchtála” a shainmhíniú, toisc go n-eascraíonn sé ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais maidir le comhartha a úsáid. Is coincheap uathrialach é “cumarsáid leis an bpobal” de chuid dhlí an Aontais atá ag feidhmiú i gcomhthéacs eile, ina bhféadfaí ceart maoine intleachtúla a sháru i gcónaí ann féin trí rochtain a thabhairt ar obair, ach is le linn cúrsa trádála amháin gur féidir an t-aicmiú ar úsáid a dhéanamh agus toimhdítear leis go mbeidh tuilleadh anailise ag teastáil.

³⁸ Ordú an 19 Feabhra 2009, *UDV North America* (C-62/08, EU:C:2009:111, mír 47).

58. Leis an gcoinníoll a bhaineann le húsáid an chomhartha i gcumarsáid tráchtála, toimhdítear go n-úsáideann idirghabhálaí idirlín é ar chaoi ina ndéanann faighteoir na cumarsáide sin nasc áirithe a bhunú idir an t-idirghabhálaí agus an comhartha atá i gceist,³⁹ agus eascraíonn an nasc áirithe sin ó leithreasú an chomhartha sin ag an idirghabhálaí.

59. Ní mór, dá bhrí sin, anailís a dhéanamh ar an gcoinníoll sin ó thaobh úsáideoir an mhargaidh, arb é faighteoir na cumarsáide tráchtála d'oibreoir an mhargaidh sin, chun a bheith in ann a chinneadh an bhfuil sé dealraitheach don úsáideoir sin go bhfuil an comhartha atá i gceist mar chuid den chumarsáid tráchtála sin, sa mhéid is go bhfuil an comhartha sin leithreasaithe ag an idirghabhálaí idirlín.

60. Tugaim faoi deara go bhfuil béim curtha cheana ag an Abhcóide Ginearálta Campos Sánchez Bordona ar an ngá atá le dearcadh an úsáideora sin a ghlacadh ina Thuairim sa chás Coty Germany,⁴⁰ inar luaigh sé go raibh sé “ag díriú ar dhearcadh an tomhaltóra deiridh” agus thug sé faoi deara, “a mhéid a d'fhéadfadh tomhaltóir a chreidiúint gurb é [oibreoir an mhargaidh] atá ag margaíocht [an earra]”, gur cheart teacht ar réiteach atá “i bhfabhar an chinnidh gurb ann don úsáid”.

61. Feictear dom, dá bhrí sin, go bhfuil sé ina dhlúthchuid den choinníoll a bhaineann le húsáid an chomhartha ag idirghabhálaí ina chumarsáid tráchtála féin nach mór measúnú a dhéanamh ar an gcumarsáid sin ó dhearcadh a fhaighteora, eadhon an t-úsáideoir idirlín a bhaineann úsáid as an ardán atá i gceist.

62. Ní mór dom a shoiléiriú freisin an t-úsáideoir de chuid an mhargaidh ar cheart tagairt a dhéanamh dó d'fhonn a chinneadh an bhfuil an comhartha atá i gceist, óna dhearcadh féin, comhtháite ag an oibreoir ina chumarsáid tráchtála féin. Molann na cúirteanna a rinne na ceisteanna a tharchur seasamh “úsáideora idirlín atá réasúnta eolach agus airdeallach” a ghlacadh.

63. Tugann an nath seo chun cuimhne an caighdeán a glacadh chun a chinneadh an ndéanann úsáid comhartha ag tríú páirtí dochar do cheann d'fheidhmeanna riachtanacha an trádmailc. I gcomhthéacs an scrúdaithe sin, deimhníonn an Chúirt Bhreithiúnais an bhféadfadh “úsáideoir idirlín atá réasúnta eolach agus airdeallach a bheith ar an eolas maidir le cé acu an dtagann nó nach dtagann na hearraí nó na seirbhísí [trádmharcáilte] ó dhílseánach an trádmailc nó [...] ó thríú páirtí”.⁴¹

64. Is fíor, mar a thugann an Coimisiún agus Amazon faoi deara, gur dhá cheist dhifriúla iad an cheist maidir le cé acu an úsáideann nó nach n-úsáideann oibreoir margaidh trádmharc agus an cheist an bhféadfadh an úsáid sin dochar a dhéanamh do cheann d'fheidhmeanna an trádmailc.

65. Maidir leis an dara ceist sin, tá an anailís dírithe ar an earra nó ar an tseirbhís ar a bhfuil an comhartha atá i gceist, chun a chinneadh an féidir le tomhaltóir atá réasúnta eolach agus airdeallach a mheas go mícheart go bhfuil an comhartha sin ag teacht ó dhílseánach trádmailc. Ní bhaineann an chéad cheist le scrúdú a dhéanamh ar an earra nó ar an tseirbhís ar a bhfuil an comhartha atá faoi chonspóid, ach ar chumarsáid tráchtála an oibreora amháin chun a chinneadh an bhfuil sé dealraitheach d'úsáideoirí an ardáin go bhfuil an comhartha atá faoi chonspóid á úsáid go díreach ag an oibreoir sin i gcomhthéacs a ghníomhaíochta.

³⁹ Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta Kokott dá aire ina Tuairim sa chás *Frisdranken Industrie Winters* (C-119/10, EU:C:2011:258, mír 28).

⁴⁰ C-567/18, EU:C:2019:1031, mír 53.

⁴¹ Breithiúnas *Google* (mír 84).

66. Thairis sin, tá an dá scrúdú sin bunaithe ar loighic éagsúil. Go deimhin, ionchorpraítear leis an gceist maidir le sárú ar cheann d'fheidhmeanna an trádmailrc, go háirithe ar a fheidhm thionscnaimh, gné chosanta ní hamháin ar chearta dhílseánach an trádmailrc, ach ar leasanna na dtomhaltóirí freisin.⁴² I gcodarsnacht leis sin, ní bhaineann an cheist maidir le húsáid trádmailrc a chinneadh ach leis an gcaidreamh idir dílseánach an trádmailrc atá faoi chonspóid agus sáraitheoir líomhnaithe, agus é d'aidhm aige sin a chinneadh an bhfuil saincheart eisiach de chuid dhílseánach an trádmailrc á fheidhmiú, trína ghníomhaíocht, ag an tríú páirtí sin.

67. Mar sin féin, ní féidir leis na gnéithe sin bonn cirt a thabhairt don seasamh nach bhféadtar dearcadh úsáideora idirlín atá réasúnta eolach agus airdeallach a chur san áireamh freisin agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil an comhartha atá faoi chonspóid ionchorpraithe i gcumarsáid tráchtála an ardáin díolacháin ar líne. A mhalairt ar fad, tá mé den tuairim gur gá gurb é úsáideoir idirlín den sórt sin, mar fhaighteoir chumarsáid tráchtála d'oibreoir an ardáin, an pointe tagartha chun a shuíomh an bhfuil an comhartha leithreasaithe ag idirghabhálaí trína úsáid ina chumarsáid tráchtála féin.

68. Maidir le creat den sórt sin a bheith ann chun anailís a dhéanamh ar úsáid an chomhartha ag idirghabhálaí ina chumarsáid tráchtála féin agus, dá bhrí sin, maidir leis an gcoincheap de “úsáid” an chomhartha sin ag idirghabhálaithe idirlín, ní chuirtear in amhras iad leis an argóint, a chuireann Amazon agus an Coimisiún chun cinn, nár luaigh an Chúirt Bhreithiúnais go sainráite an gá atá ann dearcadh na n-úsáideoirí idirlín a chur san áireamh i ndáil leis sin.

69. Ar an gcéad dul síos, mar a thug mé faoi deara i míreanna 52 agus 53 den Tuairim seo, níor úsáideadh an coincheap de “úsáid comhartha ag an idirghabhálaí ina chumarsáid tráchtála féin” ach ar bhealach diúltach, i gcásanna inar chinne an Chúirt Bhreithiúnais nár bhain an t-idirghabhálaí úsáid den sórt sin as an gcomhartha atá i gceist. Dá bhrí sin, ní féidir teacht ar chonclúid den sórt sin ós rud é nach ndearnadh aon tagairt do dhearcadh úsáideora idirlín d'fhonn a léiriú go raibh an comhartha atá i gceist ina dhlúthchuid de chumarsáid tráchtála an idirghabhálaí, i gcásanna nárbh amhlaidh an cás, ós rud é nach mbíonn an anailís ar dhearcadh an úsáideora idirlín ábhartha ach amháin i gcás ina mbíonn amhras ann maidir le húsáid an chomhartha ag an idirghabhálaí ina chumarsáid tráchtála féin.

70. Ar an dara dul síos, is mar sin atá sé go háirithe ós rud é gur féidir bonn cirt a thabhairt leis an réiteach arna ghlacadh ag an gCúirt Bhreithiúnais sna breithiúnais sin, in aon chás, ar an bhforas nach raibh sé dealraitheach don úsáideoir idirlín atá réasúnta eolach agus airdeallach go raibh an comhartha atá i gceist á úsáid ag na hoibreoirí ina gcumarsáid tráchtála féin. Dá bhrí sin, mheas an Chúirt Bhreithiúnais, i mbreithiúnas Google,⁴³ nach ndéanann soláthraí seirbhíse tagartha, nuair a stóráilann sé, thar ceann cliant áirithe dá chuid, comharthaí atá comhionann le trádmailrcanna mar eochairfhocail agus a eagraíonn taispeáint fógraíochta ar bhonn na n-eochairfhocal sin, ach a ghnáthghníomhaíochta a chur i gcrích agus nach ndealraíonn sé, dá bhrí sin, i súile úsáideora idirlín atá réasúnta eolach agus airdeallach go bhfuil úsáid á baint aige féin as na comharthaí sin atá faoi chonspóid i gcomhthéacs a chumarsáide tráchtála féin. Ar an gcaoi chéanna, mheas an Chúirt Bhreithiúnas, i mbreithiúnas eBay,⁴⁴ nach dtéann oibreoir an mhargaidh, a mhéid a sholáthraíonn sé seirbhís a chuireann ar chumas a chliant, i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí tráchtála, amhail a dtairiscintí ar díol, comharthaí a chomhfhreagraíonn do thrádmailrcanna a

⁴² Maidir le bunfheidhmeanna an trádmailrc, féach Kur, A., agus Senftleben, M., op. cit., lch. 6.

⁴³ Mír 53 den bhreithiúnas sin.

⁴⁴ Mír 102 den bhreithiúnas sin.

thaispeáint ar a shuíomh gréasáin, ó dhearcadh an úsáideora atá réasúnta eolach agus airdeallach, thar a ról mar idirghabhálaí agus nach mbaineann sé féin úsáid as na comharthaí sin i gcomhthéacs a chumarsáide tráchtála féin.

71. Ar an tríú dul síos, d’aithin an Chúirt Bhreithiúnas, i mbreithiúnas eBay,⁴⁵ gan trácht, áfach, ar an gcoinníoll a bhaineann le húsáid chomhartha ag oibreoir an mhargaidh ar líne ina chumarsáid tráchtála féin, go ndéanann oibreoir den sórt sin trádmharc a úsáid nuair a roghnaíonn sé, mar oibreoir an innill cuardaigh Google, na heochairfhocail a chomhfhreagraíonn do thrádmharc chun nasc fógraíochta a thaispeáint agus teachtaireacht lena gcuirtear an deis ar fáil earraí an thrádmhairc a bhí á gcuardach a cheannach ar a shuíomh gréasáin. I gcás den sórt sin, is fíor go bhfuil na teachtaireachtaí agus na naisc arna dtaispeáint ag eBay ina bhfógraíocht don mhargadh mar sin, agus, dá réir sin, toisc go ndealraíonn úsáideoir idirlín atá réasúnta eolach agus airdeallach an trádmharc atá i gceist mar chuid de chumarsáid tráchtála eBay féin, chinn an Chúirt Bhreithiúnais go raibh an trádmharc sin á úsáid ag eBay.

72. Táim den tuairim, dá bhrí sin, gur gné ábhartha í an dearcadh atá ag úsáideoir idirlín de chuid ardáin díolacháin ar líne atá réasúnta eolach agus airdeallach chun úsáid comhartha i gcumarsáid tráchtála de chuid oibreoir an ardáin sin a chinneadh. Maidir le caighdeán den sórt sin, lena dtoimhdítear go bhfuil eolas agus aird réasúnta ag an úsáideoir, dealraíonn sé dom go bhfuil bonn cirt níos mó leis sa mhéid, i gcás roinnt úsáideoirí na n-ardán díolacháin ar líne, go bhfuil céannacht an díoltóra neamhabhartha agus is é an t-earra agus a phraghas an t-aon chritéar le haghaidh ceannacháin. Ní féidir úsáideoirí den sórt sin, dá bhrí sin, a úsáid mar slat tomhais chun a shuíomh an ndealraíonn comhartha ní hamháin mar chomhartha atá in úsáid ag an díoltóir tríú páirtí ach comhartha atá ina dhlúthchuid de chumarsáid tráchtála oibreoir an ardáin sin. Feictear dom, dá bhrí sin, gur gá tagairt a dhéanamh don mheán-úsáideoir, a bhfuil faisnéis den sórt sin ábhartha dó.

73. Ar deireadh, ní mór dom a chur in iúl freisin nach gcuireann an t-aitheantas go bhfuil úsáid á baint ag an díoltóir earra as comhartha, de réir bhrí Airteagal 9(2) de Rialachán 2017/1001, trí ardán díolacháin ar líne cosc ar an idirghabhálaí a oibríonn an t-ardán sin, go teoiriciúil, as úsáid a bhaint as an gcomhartha sin freisin, nuair a úsáideann an t-idirghabhálaí sin an comhartha atá i gceist ina chumarsáid tráchtála féin.

74. Is ar bhonn na mbreithnithe sin a dhéanfaidh mé anailís anois ar ghníomhaíocht oibreora ardáin díolacháin ar líne, mar a thug na cúirteanna a rinne na ceisteanna a tharchur orthu, chun a chinneadh an bhféadfaí a mheas go bhfuil an t-oibreoir sin ag baint úsáid as an trádmharc atá i gceist, de réir bhrí Airteagal 9(2) de Rialachán 2017/1001, sa mhéid go n-úsáideann sé an trádmharc sin ina chumarsáid tráchtála féin.

B. Tionchar mhodh oibríochta Amazon maidir le haitheantas do “úsáid” an trádmhairc de réir bhrí Airteagal 9(2) de Rialachán 2017/1001

75. Leis an gcéad agus an tríú ceist i gCás C-148/21 agus leis an dara ceist i gCás C-184/21, fiafraíonn na cúirteanna a rinne na ceisteanna a tharchur, go bunúsach, an gá Airteagal 9(2) de Rialachán 2017/1001 a léirmhíniú ar chaoi a gciallaíonn nach mór a mheas go bhfuil úsáid á baint ag oibreoir d’ardán díolacháin ar líne as trádmharc i dtairiscint ar dhíolachán arna foilsiú ag tríú páirtí ar an ardán sin mar gheall, ar dtús, go bhfoilsíonn sé a thairiscintí féin agus tairiscintí tríú páirtí araon ar bhonn aonfhoirmeach gan idirdhealú a dhéanamh idir eatarthu de réir a n-áite

⁴⁵ Míreanna 84 agus 85 den bhreithiúnas sin.

tionscnaimh ina dtaispeáint, trí ligean dá lógó féin mar dháileoir clúiteach a bheith le feiceáil ar an bhfógraíocht sin, ar a shuíomh gréasáin agus sna ranna fógraíochta de shuíomh gréasáin tríú páirtí agus, anuas air sin, go dtairgeann sé seirbhísí breise cúnaimh, stórála agus seoladh earraí arna bpostáil ar a ardán do dhíoltóirí tríú páirtí trína chur in iúl do cheannaitheoirí ionchasacha go mbeidh sé freagrach as na gníomhaíochtaí sin.

1. Sainmhíniú ar raon feidhme na gceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

76. Ón tús, feictear dom go bhfuil sé tábhachtach a mheabhrú nach mbaineann na ceisteanna a luaitear sa mhír roimhe seo ach le cás maidir leis an dliteanas díreach atá ag oibreoir d'ardán díolacháin ar líne, sa mhéid is gur bhain sé úsáid as comhartha atá comhionann le trádmharc, de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán 2017/1001. Mar a luaigh mé i míreanna 8 agus 10 den Tuairim seo, ní hionann an cheist sin agus an cheist a bhaineann le dliteanas indíreach idirghabhálaithe idirlín mar gheall ar iompar tríú páirtithe trína gcuid seirbhísí.

77. Dá bhrí sin, tá an anailís a mholaim gan dochar don deis atá ag na cúirteanna a rinne na ceisteanna a tharchur, sa mhéid gur chuir oibreoir eacnamaíoch ar chumas oibreora eile úsáid a bhaint as trádmharc, chun scrúdú a dhéanamh ar thionchar rialacha dlí seachas an ceann dá bhforáiltear le hAirteagal 9 de Rialachán 2017/1001.

78. Ós rud é nach ndéantar comhartha a chomhtháthú i gcumarsáid tráchtála oibreora ardáin díolacháin ar líne, ní chiallaíonn sé sin nach bhfuil an t-oibreoir sin faoi dhliteanas riamh i leith sáraithe ar na cearta atá ag dílseánaigh trádmharcanna, ach ní mór an dliteanas sin a shuíomh ar bhonn dlí náisiúnta, mar dhliteanas tánaisteach.

79. I gcás den sórt sin, is faoi na cúirteanna a rinne na ceisteanna a tharchur a chinneadh, ar bhonn dlí náisiúnta, an féidir an t-idirghabhálaí idirlín a chur faoi dhliteanas indíreach a d'fhéadfadh a bheith ann, agus tá sé le tuiscint nach mór an dliteanas sin a réiteach leis na díolúintí ó dhliteanas a leagtar amach sa Treoir maidir le tráchtáil leictreonach.

80. Thairis sin, níl raon na mbeart chun na cearta atá ag dílseánaigh trádmhairc a chosaint is féidir a ghlacadh i gcoinne idirghabhálaí idirlín a chuir ar chumas tríú páirtí comhartha a úsáid trína sheirbhísí teoranta do dhliteanas an idirghabhálaí, bíodh sé sin díreach nó indíreach. Dá bhrí sin, foráiltear leis an tríú habairt d'Airteagal 11 de Threoir 2004/48 go bhféadfar ordú a eisiúint i gcoinne idirghabhálaithe a mbaineann tríú páirtí úsáid as a gcuid seirbhísí chun ceart maoine intleachtúla a shárú.

81. Tar éis an soiléiriú sin a dhéanamh, leagfaidh mé amach anois cén fáth go bhfuil mé den tuairim nach n-úsáideann oibreoir ardáin ar líne amhail Amazon comhartha, de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán 2017/1001, i bhfeidhmiú a ghníomhaíochtaí, mar a thug na cúirteanna a rinne na ceisteanna a tharchur tuairisc orthu.

2. Sainiúlacht shamhail Amazon

82. Baineann an chéad cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú i gCás C-148/21 go príomha le gníomhaíocht oibreora margaidh maidir le foilsiú tairiscintí díolacháin ag díoltóirí tríú páirtí ar a láithreán gréasáin i gcás ina dtaispeántar leis na tairiscintí sin comhartha atá comhionann le trádmharc. Mar a luaigh mé i mír 52 den Tuairim seo, agus mar a thug Amazon faoi deara, chinn an Chúirt Bhreithiúnais nach ionann an ghníomhaíocht sin agus úsáid a bhaint as an gcomhartha

sin, de réir bhrí Airteagal 9(2) de Rialachán 2017/1001.⁴⁶

83. Mar sin féin, mar a léiríonn an chúirt a rinne an tarchur i gCás C-148/21, tá gníomhaíocht oibreora ardáin díolacháin ar líne amhail Amazon difriúil ó ghníomhaíocht oibreoir an mhargaidh a bhí ina hábhar do bhreithiúnas eBay. Dá bhrí sin, leagann an chúirt béim, maidir lena dtaispeáint, ar an gcaoi nach bhféadfaí idirdhealú a dhéanamh idir tairiscintí díoltóirí tríú páirtí agus tairiscintí Amazon. Thairis sin, tugann an chúirt faoi deara go bhfuil lógó Amazon, dáileoir clúiteach, le feiceáil go córasach ar na tairiscintí díolacháin uile, ar an margadh agus ar láithreáin gréasáin tríú páirtí araon i gcomhthéacs na dteachtaireachtaí fógraíochta. Ar deireadh, cuireann an chúirt in iúl go n-ionchorpraíonn Amazon féin na tairiscintí díolacháin i siopaí áirithe ar a láithreán gréasáin nó i liostaí de tháirgí.

84. Mar sin féin, dar liom, ní cosúil go gcuireann aon cheann de na gnéithe sin cinneadh na Cúirte Breithiúnais i mbreithiúnas eBay in amhras. Táim den tuairim nach dócha go ndealródh sé d'úsáideoirí idirlín atá réasúnta eolach agus airdeallach go bhfuil, mar thoradh ar na gnéithe sin, na comharthaí atá i bhfógraíocht díoltóirí tríú páirtí ina ndlúthchuid de chumarsáid tráchtála oibreoir an ardáin díolacháin ar líne.

85. Maidir leis an easpa idirdhealaithe idir na tairiscintí de chuid díoltóirí tríú páirtí agus tairiscintí Amazon, is fíor go gcuirtear na tairiscintí sin i láthair go haonfhoirmeach agus go n-áirítear leo ar fad lógó Amazon, a bhfuil ina dháileoir clúiteach. Mar sin féin, mar is léir ó shamplaí na dtairiscintí atá san iarraidh ar réamhrialú i gCás C-148/21, tugaim faoi deara go bhfuil sé soiléirithe i gcónaí san fhógraíocht cé acu an bhfuil na hearraí sin á ndíol ag díoltóirí tríú páirtí nó go díreach ag Amazon.

86. Thairis sin, cé gur díoltóir ar a bhfuil ardcháil é Amazon, tá cáil ar an gcuideachta sin freisin as a gníomhaíocht sa mhargadh. Dá bhrí sin, tá úsáideoirí an ardáin ar an eolas go ndéantar an fhógraíocht do tháirgí arna ndíol go díreach ag Amazon agus fógraíocht arna foilsiú ag díoltóirí tríú páirtí araon a chur ar líne. B'fhéidir gur leor láithreach lógó Amazon, mar sin, chun a chur in iúl don tomhaltóir go bhfuil sé ag déileáil le fógraíocht arna foilsiú ag díoltóir tríú páirtí. Sna himthosca sin, ní leor é go bhfuil fógraíocht Amazon agus fógraíocht díoltóirí tríú páirtí in aice a chéile chun a chinneadh go bhféadfadh go ndealródh sé d'úsáideoir idirlín atá réasúnta eolach agus airdeallach go bhfuil na comharthaí a thaispeántar i bhfógraíocht díoltóirí tríú páirtí mar chuid de chumarsáid tráchtála Amazon.

87. Baineann an réasúnaíocht chéanna le fógraíocht pholaitiúil arna foilsiú ar láithreáin gréasáin tríú páirtí lena n-ionchorpraítear lógó Amazon agus lena dtagraítear do thairiscintí díolacháin arna bhfoilsiú ag díoltóirí tríú páirtí ar shuíomh gréasáin na cuideachta sin.

88. Is amhlaidh an cás maidir le comhtháthú Amazon d'fhógraíocht díoltóirí tríú páirtí i siopaí ar a ardán nó i liostaí a bhaineann leis na hearraí sárdhíola nó ina raibh móréileamh mar bhronntanais ag baint leo. Mar a thugann an Coimisiún faoi deara, is cuid d'eagrú ardáin na cuideachta sin é an comhtháthú sin. Chuir Amazon in iúl freisin, ag an éisteacht, go bhfuil eagrúchán den sórt sin déanta go huathoibríoch, trí fhógraíocht earraí comhchosúla a ghrúpáil le chéile agus ar bhonn na n-earraí leis an éileamh is mó nó na n-earraí sárdhíolta. Dá bhrí sin, tá an t-eagrúchán sin ina dhlúthchuid de ról an idirghabhálaí idirlín amhail Amazon, mar oibreoir margaidh, agus níl ann d'úsáideoirí idirlín atá réasúnta eolach agus airdeallach ach beart a bhaineann le cur i láthair agus leagan amach a ardáin.

⁴⁶ Féach breithiúnas *eBay*.

89. Fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur i gCás C-148/21 den Chúirt Bhreithiúnais freisin, lena céad cheist, an bhfuil aon tionchar ag an bhfíoras go ndéanann Amazon seirbhís “iomlán” a thairiscint, lena n-áirítear cúnamh chun fógraíocht a ullmhú agus earraí áirithe a stóráil agus a sheoladh, ar úsáid comhartha atá i láthair ar an bhfógraíocht sin ag Amazon a aicmiú.

90. Tá an cheist sin ag teacht, go bunúsach, leis an tríú ceist i gCás C-148/21 agus leis an dara ceist i gCás C-184/21, ina bhfuil sé d’aidhm acu a chinneadh an ionann stóráil agus seoladh táirgí ar a bhfuil comhartha atá comhionann le trádmarc, ar táirgí iad inar rannchuidigh Amazon go gníomhach freisin lena n-ullmhú agus le foilsiú tairiscintí díolacháin, agus úsáid an trádmarc, de réir bhrí Airteagal 9(2) de Rialachán 2017/1001.

91. Chun na ceisteanna sin a fhreagairt, ba cheart, dá bhrí sin, mar a thugann Rialtas na Gearmáine faoi deara, anailís fhoriomlán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí Amazon d’fhonn a chinneadh an bhféadfadh rannpháirtíocht na cuideachta sin, ó fhoilsiú na fógraíochta ar a bhfuil an comhartha atá i gceist go dtí seoladh an earra i gceist, a aicmiú mar úsáid an chomhartha sin. Creidim nach amhlaidh an cás.

92. Is fíor go bhféadfadh rannpháirtíocht den sórt sin, a bhaineann go sonrach le hoibríocht Amazon, i bprionsabal ar a laghad, stiúir níos fearr a thabhairt don chuideachta sin maidir le hearra a dhíol lena sáraítear trádmarc. Mar sin féin, ní leor an rannpháirtíocht sin, a dhéantar chun leasa an tomhaltóra sa mhéid is go bhfuil sé d’aidhm léi, i ndáiríre, seachadadh tapa agus ráthaithe a áirithiú tar éis earra a cheannach agus, ar an gcaoi sin, cáil an ardáin díolacháin ar líne a neartú, i mo thuairim, chun úsáid an chomhartha atá i gceist i gcumarsáid tráchtála Amazon féin a thaispeáint.

93. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais cheana féin, i mbreithiúnas *Coty*,⁴⁷ nach féidir a mheas gur úsáideadh comhartha i gcomhthéacs na cumarsáide tráchtála oibreoir an mhargaidh féin i gcás ina stórálaíonn an t-oibreoir sin earraí a bhfuil comhartha orthu thar ceann díoltóir tríú páirtí gan an aidhm a shaothrú é féin chun na hearraí sin a thairiscint ná a chur ar an margadh. Ní fheicim cén fáth go dtiocfaí ar chonclúid eile nuair a sheolann an t-oibreoir sin earraí den sórt sin thar ceann tríú páirtí. I gcás den sórt sin, tá sé soiléir i gcónaí, le haghaidh úsáideoirí idirlín atá réasúnta eolach agus airdeallach, gurb é an díoltóir tríú páirtí amháin a bhfuil sé ar intinn aige na hearraí a thairiscint agus a chur ar an margadh.⁴⁸

94. Níl an chonclúid sin neamhbhailí toisc go bhfoilsíonn Amazon féin na fógraí atá i gceist. Mar a luaigh mé, táim den tuairim nach ionann foilsiú na fógraíochta sin agus gníomh úsáide, de réir bhrí Airteagal 9(2) de Rialachán 2017/1001.⁴⁹ I mo thuairim, ní féidir measúnú difriúil a dhéanamh ar dhá ghníomh nach ionann úsáid, de réir bhrí na forála seo, ar an gcúis amháin go bhfuil siad faoi réir anailís fhoriomlán.

95. Sna himthosca sin, táim den tuairim gurb é an freagra ar na ceisteanna a tharchuir na cúirteanna i gcomhair réamhrialú i gCásanna C-148/21 agus C-184/21 ná nach mór Airteagal 9(2) de Rialachán 2017/1001 a léirmhíniú ar chaoi a gciallaíonn nach féidir a mheas go bhfuil úsáid á baint ag oibreoir d’ardáin díolacháin ar líne as trádmarc i dtairiscint ar dhíolachán arna foilsiú ag tríú páirtí ar an ardán sin mar gheall, ar dtús, go bhfoilsíonn sé a thairiscintí féin agus tairiscintí tríú páirtí araon ar bhonn aonfhoirmeach, gan idirdhealú a dhéanamh idir eatarthu de réir a n-áite tionscnaimh ina dtaispeáint, trí ligean dá lógó féin mar dháileoir

⁴⁷ Míreanna 45 go 47 den bhreithiúnas sin.

⁴⁸ Breithiúnas *Coty* (mír 47).

⁴⁹ Féach míreanna 84 et seq. den Tuairim seo.

clúiteach a bheith le feiceáil ar an bhfógraíocht sin, ar a láithreáin gréasáin agus sna ranna fógraíochta de láithreáin gréasáin tríú páirtí agus, anuas air sin, go dtairgeann sé seirbhísí breise cúnaimh, stórála agus seoladh earraí arna bpostáil ar a ardán do dhíoltóirí tríú páirtí trína chur in iúl do cheannaitheoirí ionchasacha go mbeidh sé freagrach as na gníomhaíochtaí sin, ar choinníoll nach ndearódh sé d'úsáideoir idirlín atá réasúnta eolach agus airdeallach, mar thoradh ar ghnéithe den sórt sin go bhfuil, go bhfuil an trádmharc atá i gceist mar dhlúthchuid de chumarsáid tráchtála an oibreora.

3. *Sainiúlacht dhlí na dtrádmharcanna*

96. Ciallaíonn réiteach den sórt sin go bhfuil easpa tionchair ag sainiúlacht samhail oibreora ardáin díolacháin ar líne amhail Amazon, a bhfuil sraith seirbhísí comhtháite aige ó fhoilsiú tairiscintí díolacháin go dtí seoladh na n-earraí atá i gceist, ar an gcoincheap de “úsáid” de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán 2017/2011.

97. Mar sin féin, tá an cur chuige sin teoranta do léirmhíniú an choincheapa sin agus ní féidir é a leathnú chuig réimsí eile. Is é sin le rá, cé nach gciallaíonn comhtháthú seirbhísí éagsúla ag oibreoir ardáin díolacháin ar líne ann féin go bhféadfaí a mheas go n-úsáideann an t-oibreoir comhartha fiú más féidir ról níos gníomhaí a bheith i gceist leis an gcomhtháthú sin, ní chiallaíonn sé sin nach bhfuil aon tionchar ag comhtháthú den sórt sin ar aicmiú na seirbhísí a sholáthraíonn an t-oibreoir sin i réimsí eile dlí.

98. Táim ag smaoineamh go háirithe ar an gcur chuige a ghlac an Chúirt Bhreithiúnais i gcásanna Asociación Profesional Elite Taxi⁵⁰ agus Uber France.⁵¹ Is léir ó na breithiúnais sin go gciallaíonn comhtháthú roinnt seirbhísí arna soláthar ag gnóthas lena gcuirtear ar a chumas rialú a dhéanamh ar na gnéithe ábhartha uile de sheirbhís iompair uirbigh nach mór an tseirbhís sin a mheas ní hamháin mar sheirbhís idirghabhála a bhfuil sé d'aidhm aici paisinéirí a nascadh le tiománaithe, ach mar sholáthar seirbhísí aonair a bhfuil an gnóthas sin freagrach as. I bhfocail eile, tá tionchar cinnte sa chás ina bhfuil níos mó stiúrach ag an ngnóthas ar gach gné de sheirbhís ar ról idirghabhálaí an ghnóthais, go háirithe ó thaobh rialacha an Aontais maidir le tráchtáil leictreonach.

99. Mar sin féin, ní féidir an réasúnaíocht sin a thrasúí maidir le léirmhíniú ar an gcoincheap de “úsáid”, mar atá i gceist sa chás seo. I gcomhthéacs an léirmhínithe sin, ní bhaineann sé leis an tseirbhís arna soláthar ag oibreoir ardáin díolacháin ar líne a aicmiú, ach a chinneadh an dócha go bhféadfaí a thuiscint ón ngníomhaíocht go bhfuil úsáid á baint aige as comhartha i gcomhthéacs a chumarsáide tráchtála féin. Dá bhrí sin, is gá go bhfreagrófar an dá cheist sin de réir líne dhifriúil réasúnaíochta.

100. Thairis sin, tá siad bunaithe ar loighic éagsúil. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag aicmiú na seirbhíse arna soláthar ag soláthraí idirlín ar a dhliteanas i leith úsáideoir an ardáin a oibríonn sé. Dá mhéad smacht atá ag an soláthraí ar an tseirbhís arna soláthar, is amhlaidh is mó dliteanas a thabhaíonn sé, agus tá sé sin éasca a thuiscint. Ní hé sin an cás maidir le cé acu an mbaineann an soláthraí sin úsáid as trádmharc, de réir bhrí Rialachán 2017/1001, ós rud é nach mbaineann ceist den sórt sin ach le cosaint chearta dhílseánach an trádmhairc atá i gceist.

⁵⁰ Breithiúnas an 20 Nollaig 2017 (C-434/15, EU:C:2017:981).

⁵¹ Breithiúnas an 10 Aibreán 2018 (C-320/16, EU:C:2018:221).

V. Conclúid

101. I bhfianaise na mbreithnithe uile roimhe seo, molaim don Chúirt Bhreithiúnais na ceisteanna a tharchuir an tribunal d'arrondissement de Luxembourg (an Chúirt Dúiche, Lucsamburg, Lucsamburg), i gcás C-148/21, agus an tribunal de l'entreprise francophone de Bruxelles (Cúirt Fraincise na gCuideachtaí, an Bhruiséil, an Bheilg), i gcás C-184/21, i gcomhair réamhrialú a fhreagairt sa chaoi nach mór Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le trádmharc an Aontais Eorpaigh a léirmhíniú ar chaoi a gciallaíonn nach féidir a mheas go bhfuil úsáid á baint ag oibreoir d'ardáin díolacháin ar líne as trádmharc i dtairiscint ar dhíolachán arna foilsiú ag tríú páirtí ar an ardán sin mar gheall, ar dtús, go bhfoilsíonn sé a thairiscintí féin agus tairiscintí tríú páirtí araon ar bhonn aonfhoirmeach, gan idirdhealú a dhéanamh idir eatarthu de réir a n-áite tionscnaimh ina dtaispeáint, trí ligean dá lógó féin mar dháileoir clúiteach a bheith le feiceáil ar an bhfógraíocht sin, ar a láithreáin gréasáin agus sna ranna fógraíochta de láithreáin gréasáin tríú páirtí agus, anuas air sin, go dtairgeann sé seirbhísí breise cúnaimh, stórála agus seoladh earraí arna bpostáil ar a ardán do dhíoltóirí tríú páirtí trína chur in iúl do cheannaitheoirí ionchasacha go mbeidh sé freagrach as na gníomhaíochtaí sin, ar choinníoll nach dócha go ndealródh sé don úsáideoir idirlín atá réasúnta eolach agus airdeallach go bhfuil an trádmharc atá i gceist mar dhlúthchuid de chumarsáid tráchtála an oibreora mar thoradh ar ghnéithe den sórt sin.